Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Bealtaine 2018**
**(OR. en)**

**9016/18**

**SPORT 31**
**JEUN 61**
**EDUC 163**
**CULT 62**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8032/18 SPORT 22 JEUN 42 EDUC 129 CULT 42 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le luachanna coiteanna an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn tríd an spórt |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le luachanna coiteanna an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn tríd an spórt, a ghlac an Chomhairle ag an 3617ú cruinniú a bhí aici ar an 23 Bealtaine 2018.

# Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le luachanna coiteanna an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn tríd an spórt

Ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Ionadaithe Rialtais na mBallstát mar seo a leanas:

**Ag meabhrú di an méid seo a leanas:**

1. Spás coiteann é an tAontas Eorpach chun limistéar rathúil, síochánta a fhorbairt don chómhaireachtáil agus don urraim don éagsúlacht, bunaithe ar luachanna comhchoiteanna an Aontais, eadhon meas ar dhínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus an meas ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad agus a aithnítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir.

2. Go gcuideoidh an tAontas, de réir Airteagal 165 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, leis an spórt Eorpach a chur chun cinn, ag féachaint do shainiúlacht an spóirt, dá chuid struchtúr bunaithe ar an ngníomhaíocht dheonach agus don fheidhm shóisialta agus oideachasúil a bhaineann leis.

3. Tríú Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (2017-2020) arna ghlacadh i mí Bealtaine 2017, inar sainmhíníodh an Cuimsiú Sóisialta mar ábhar lárnach faoi théama tosaíochta "an Spórt agus an tSochaí", agus cur chun cinn luachanna coiteanna **an** Aontais trí Spórt mar cheann de na príomhchúraimí.

4. Moladh ón gComhairle maidir le luachanna comhchoiteanna agus an t-oideachas cuimsitheach a chur chun cinn, a bheidh le glacadh i mí na Bealtaine.

5. Is cuid de chlár Erasmus + an Aontais Eorpaigh ó 2011 i leith é an Spórt. Ó cuireadh tús leis an gcéad chlár tríocha bliain ó shin, tá breis agus naoi milliún Eorpach tar éis tairbhe a bhaint as an deis dul i mbun staidéir, oiliúna, teagaisc nó obair dheonach, i dtír eile, rud a chur lena bhfeasacht faoi na luachanna is coiteann dóibh.

6. An tionscnamh ón Aontas le déanaí lena gcuirtear dlúthpháirtíocht chun cinn i measc daoine óga san Eoraip, mar aon le comhar agus comhpháirtíocht i réimse na hóige trí ghníomhaíochtaí éagsúla dlúthpháirtíochta, lena n-áirítear an spórt.

7. An cúlra polaitiúil mar a leagtar amach é san iarscríbhinn.

**De bhrí an mhéid a leanas:**

8. Gur luachanna atá i gcroílár an Aontais Eorpaigh. Is é cuspóir na gConclúidí seo an chomhthuiscint ar choincheap na luachanna coiteanna a láidriú i measc na mBallstát, an bhraistint gur cuid den Aontas iad a fhorbairt agus na luachanna sin a chur chun cinn, i gcás inarb iomchuí, lasmuigh den Aontas, agus bonn láidir á leagan síos freisin don idirphlé ó dhuine go duine thar theorainneacha na hEorpa.

9. Tá dúshláin nach beag ag an Aontas Eorpach gona Bhallstáit faoi láthair, dúshláin eacnamaíocha, pholaitiúla agus shóisialta atá éagsúil ó Bhallstát go Ballstát. Is féidir leis an spórt bheith ina chabhair chun an fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach agus chun dul i ngleic ar bhealach leordhóthanach leis na dúshláin uileghabhálacha shocheacnamaíocha agus slándála atá os comhair an Aontais.

10. Sa Pháipéar Bán maidir le Todhchaí na hEorpa deirtear "Is ionann i gcónaí iad na luachanna Eorpacha is mór againn go léir. Is mian linn sochaí a bheith againn ina mbeidh tús áite ag an tsíocháin, an tsaoirse, an chaoinfhulaingt agus an dlúthpháirtíocht thar aon rud eile. Is iad na luachanna sin a nascann muintir na hEorpa le chéile agus is fiú troid ar a son.[1]

11. An Páipéar Bán ón gCoimisiún maidir le Spórt (2007), ina leagtar béim láidir ar a thábhachtaí atá an spórt don chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta agus ó thaobh sochaithe níos comhtháite a bhaint amach trí úsáid a bhaint as acmhainneacht an spóirt ar mhaithe leis an gcuimsiú sóisialta, an lánpháirtiú agus comhdheiseanna; agus ina leagtar amach, i measc nithe eile, nach bhfuil an ciníochas, an tseineafóibe ná an dúshaothrú ar imreoirí óga ag teacht le luachanna coiteanna an Aontais Eorpaigh.

12. Le Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018 féachtar leis an bhfeasacht a mhéadú i ndáil lenár stair choiteann agus lenár luachanna coiteanna agus le daoine a spreagadh iad féin a thumadh in oidhreacht shaibhir, ilchineálach na hEorpa, ar cuid di ár spóirt agus ár gcluichí.

13. Is féidir leis an spórt eagraithe agus neamheagraithe, amhail an t-oideachas, an obair don óige agus an cultúr, ról a imirt chun luachanna coiteanna an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn.

14. Na príomheagraíochtaí idirnáisiúnta ar fad a bhíonn ag plé leis an spórt, amhail UNESCO, Comhairle na hEorpa, an Coiste Idirnáisiúnta Oilimpeach, an Coiste Idirnáisiúnta Para-Oilimpeach agus an Ghníomhaireacht Dhomhanda Frithdhópála, aithníonn siad uile gur féidir leis an spórt luachanna a chothú, luachanna ar nós cothrom na Féinne, neartú na foirniúlachta, an daonlathas, an chaoinfhulaingt, an comhionannas, an smacht, an cuimsiú, an bhuanseasmhacht agus an urraim, ar luachanna iad a d'fhéadfadh cabhrú le luachanna coiteanna an Aontais a chur chun cinn agus a scaipeadh.

[1] ST 6952/17

**An méid seo a leanas á aithint:**

15. Ba cheart go mbeadh de shaoirse ag gach duine spórt a chleachtadh agus a bhraistint gur cuid den tsochaí é nó í, agus féadann earnálacha éagsúla a bhaineann leis an spórt an méid atá ar a gcumas a dhéanamh chun an chomhtháthú a chothú agus chun comhdheiseanna a chur ar fáil chun páirt a ghlacadh sa spórt agus chun an t-idirdhealú agus an t-eisiamh sóisialta a sheachaint.

16. Leis an spórt, is féidir cabhrú chun an tsochaí shibhialta agus an inbhuanaitheacht shóisialta a fhorbairt agus a neartú. Is gá an tuiscint chomhchoiteann a chothú i measc mhuintir na hEorpa go mbaineann siad leis an Eoraip, sa chiall pholaitiúil agus chultúrtha. Ós rud é gur teanga uilíoch é an spórt, teanga a thuigeann cách, is féidir cumarsáid a dhéanamh tríd agus béim a leagan ar na luachanna coiteanna agus leas á bhaint as modhanna nuálacha foghlama idir neamhfhoirmiúil agus neamhfhoirmeálta, agus cabhrú chun an éadulaingt, an t-eisiamh sóisialta, lena n-áirítear steiréitíopáil inscne agus fuath ban, an ciníochas, an tseineafóibe agus an t-imeallú a chosc.

17. Leis an spórt, is féidir luachanna a threisiú ar dhóigh nádúrtha agus i dtimpeallacht dhearfach. Ba cheart gur luachanna nádúrtha iad an urraim fhrithpháirteach, cothrom na Féinne, an cairdeas, an dlúthpháirtíocht, an chaoinfhulaingt, agus an comhionannas i measc iad siúd go léir a mbíonn baint acu leis an spórt i gclubanna, scoileanna, sa spórt fóillíochta agus sa spórt gairmiúil.

18. Leis an méid a chuireann an spórt leis an gcomhtháthú sóisialta agus le pobail chuimsitheacha láidre a fhorbairt, d'fhéadfaí cabhrú freisin, ach luachanna an chomhionannais a chur leis sin, chun sochaí éifeachtúil, dhaonlathach, chóir a fhorbairt. Féadann teagascóirí spóirt agus cóitseálaithe ról a imirt ó thaobh luachanna coiteanna an Aontais a threisiú tríd an spórt.

19. Tá tionscnaimh dhearfacha ann cheana féin ar leibhéal an Aontais a chuireann le tuiscint níos fearr a bhaint amach ar luachanna coiteanna an Aontais Eorpaigh, mar shampla tionscnaimh spóirt arna bhforbairt agus arna dtacú faoi Chiste Sóisialta na hEorpa agus an Clár Erasmus +.

**Iarrtar ar na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:**

20. I gcás inarb iomchuí, féachaint ar thionscnaimh agus ar ghíomhaíochtaí lena bhféadfaí an spórt a chur chun cinn mar mhodh chun inniúlachtaí sóisialta, sibhialta agus idirchultúrtha a bhunú do dhaoine de gach aois, inscne agus cúlra, agus tacú freisin leis na tionscnaimh agus na gníomhaíochtaí sin. Féadfar sin a dhéanamh trí thacú le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus iad a spreagadh, i gcomhar le clubanna spóirt, le scoileanna, le heagraíochtaí don óige, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha.

21. Luachanna coiteanna an Aontais a chur chun cinn, i gcás inarb iomchuí, i ndáil le himeachtaí móra spóirt arna n-eagrú ag gluaiseacht an spóirt go minic i gcomhar leis na húdaráis phoiblí. Féadann mórimeachtaí spóirt a bheith ina ndeis iontach chun feasacht a mhúscailt i measc lúthchleasaithe, saorálaithe agus lucht tacaíochta.

22. Nuair is iomchuí, luachanna coiteanna an Aontais a chur chun cinn don ghluaiseacht spóirt ar an leibhéal náisiúnta mar chuid den idirphlé struchtúrtha.

23. An deis a thapú, sa chomhar idirnáisiúnta, cumarsáid a dhéanamh ar an leibhéal idirnáisiúnta, i gcás inarb iomchuí, faoin ngá le luachanna coiteanna an Aontais a urramú.

24. Spreagadh agus, i gcás inar féidir, tacaíocht, a thabhairt d'eagraíochtaí spóirt chun an dea-rialachas a neartú laistigh dá n-eagraíochtaí agus, i gcás inarb iomchuí, na luachanna sin a chur san áireamh ina gcuid treoirlínte eiticiúla nó ina ndoiciméid choibhéiseacha.

25. Institiúidí oideachais a spreagadh chun gníomhaíochtaí a chur chun cinn a bhfuil baint acu le luachanna coiteanna sa spórt.

26. I gcás inarb ábhartha, tacú leis an gcomhrac in aghaidh an chiníochais agus na seineafóibe, na steiréitíopála inscne agus fuath ban, dúshaothrú lúthchleasaithe óga, gach cineál idirdhealaithe agus foréigin i staideanna spóirt agus sáruithe ar shláine sa spórt. Tacú le heagraíochtaí spóirt sa chomhrac i gcoinne na sáruithe sin mar shampla trí thionscnaimh a fhorbairt agus a chur chun cinn a bheadh dírithe ar an lucht tacaíochta. D'fhéadfadh sé gurbh é a bheadh i gceist leis sin cláir oideachais nó feachtais ardaithe feasachta i gcomhar le heagraíochtaí spóirt a mhúineann an meas ar dhínit an duine, an tsíocháin agus an neamh-idirdhealú.

**Iarrtar ar an gCoimisiún Eorpach an méid seo a leanas a dhéanamh:**

27. Féachaint ar na tionscnaimh atá ann cheana féin agus iad a fhorbairt, mar shampla Seachtain Eorpach an Spóirt, chun luachanna coiteanna an Aontais a chur chun cinn.

28. An spórt a áireamh mar chuid den chaidreamh eachtrach, i gcás inarb iomchuí chun luachanna coiteanna an Aontais a chur chun cinn, mar shampla tríd an tsoghluaisteacht agus an fhorbairt acmhainní a áireamh nó trí thacú le sláine an spóirt, chomh maith lena chomhtháthú sa phlé agus san Idirphlé Ardleibhéil le tríú tíortha.

29. Tionscadail agus tionscnaimh ar éirigh leo a scaipeadh i measc na mBallstát agus lasmuigh den Aontas freisin, mar uirlis chun luachanna coiteanna an Aontais a chur chun cinn

30. Leas a bhaint as na deiseanna a thagann leis an gCiste Sóisialta na hEorpa, mar atá anois agus mar a bheidh amach anseo, an Clár Erasmus + agus cláir eile de chuid an Aontais a bheidh ann amach anseo, chun aird a tharraingt ar luachanna comhchoiteanna an Aontais agus chun iad a chur chun cinn.

31. An ról a chur chun cinn a d'fhéadfadh eagraíochtaí spóirt a imirt i dtionscnaimh dlúthpháirtíochta, soghluaisteachta agus fothaithe acmhainní arna dtacú ag an gCoimisiún Eorpach, agus na heagraíochtaí spóirt a chur ar an eolas faoi na deiseanna sin.

32. Eagraíochtaí spóirt a ghríosú chun rannpháirtíocht tríú tíortha a chur chun cinn, lena n-áirítear tíortha is iarrthóirí in imeachtaí agus i dtionscnaimh spóirt neamhbhrabúsacha.

**Iarrtar ar an nGluaiseacht Spóirt an méid a leanas a dhéanamh:**

33. An deis a ghlacadh imeachtaí móra idirnáisiúnta spóirt a óstáil agus tionscnaimh spóirt atá ann cheana ag na heagraíochtaí spóirt a úsáid chun luachanna coiteanna an Aontais a chur chun cinn.

34. Páirt ghníomhach a ghlacadh i dtionscnaimh idirphlé struchtúrtha, d'fhonn cumarsáid níos fearr a dhéanamh leis an rialtais agus le hinstitiúidí an Aontais Eorpaigh i ndáil lena mbeartais.

35. Féachaint an bhféadfaí modúil a áireamh maidir le tábhacht luachanna coiteanna an Aontais agus tuiscint níos fearr ar na luachanna sin a chur chun cinn trí spórt, i gcláir oideachais agus i modheolaíochtaí oiliúna le haghaidh cóistí, foirne tacaíochta, saorálaithe agus gníomhaithe ábhartha eile.

36. Feachtais faisnéise agus tionscnaimh a spreagadh le haghaidh lucht féachana agus tacaíochta spóirt - sa chaoi go ndéanfaidh siad luachanna coiteanna an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn agus a athdhearbhú chun dul i ngleic leis an bhforéigean i staidiamaí. Is den riachtanas é go mbeadh eagraíochtaí ag an mbunleibhéal rannpháirteach chun na críche sin.

37. Modhanna nuálacha foghlama neamhfhoirmiúla agus neamhfhoirmeálta a úsáid, i gcás inarb iomchuí, chun luachanna coiteanna an Aontais a chur in iúl tríd an spórt.

38. Leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar an gcaidreamh agus an comh-mhalartú idir buneagraíochtaí spóirt ó thíortha an Aontais agus tríú tíortha, ar chun leas an dá thaobh iad, ina gcomhroinntear luachanna agus prionsabail, agus lena léirítear luach taidhleoireachta an chaidrimh ó dhuine go duine sin.

**An cúlra polaitiúil**

1. Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (1 Iúil 2017 - 31 Nollaig 2020) (IO C189, 15.6.2017, lch. 5-14)

2. Conclúidí ón gComhairle maidir le ról na hoibre don óige chun tacú le daoine óga scileanna riachtanacha saoil a fhorbairt, le gur fusa dóibh aghaidh a thabhairt ar an saol mar dhaoine fásta agus mar shaoránaigh ghníomhacha agus le gur fusa dóibh freisin tabhairt faoi shaol na hoibre (IO C189, 15.16.2017, lth. 30-34)

3. Cosc a chur ar an radacú a mbíonn antoisceachas foréigneach mar thoradh air- Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle (21 Samhain 2016) (IO C457, 15.12.2016, lth. 3-7)

4. Ról earnáil na hóige i gcur chuige comhtháite trasearnála chun radacú foréigneach daoine óga a chosc agus a chomhrac- Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle (30 Bealtaine 2016) (IO C213,14.6.2016, lth. 1-5)

5. Conclúidí ón gComhairle agus ó ionadaithe rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le ról traenálaithe sa tsochaí (IO C423,9.12.2017, lth. 6-10)

6. An Páipéar Bán ón gCoimisiún maidir leis an Spóirt, an 11 Iúil 2007 (COM(200&)391final)

7. An Páipéar Bán ón gCoimisiún maidir le todhchaí na hEorpa (2017) (ST6952/17)

8. Moladh ón gComhairle maidir le comhluachanna, an t-oideachas cuimsitheach, agus gné Eorpach den teagasc a chur chun cinn (ST5462/18)

9. Dearbhú Pháras maidir leis an tsaoránacht agus le luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas

10. Coiste Cultúir PE - European Identity Study [*Staidéir Féiniúlachta Eorpaí*] (2017)

11. Coiste Cultúir PE - Teaching Common Values in Europe [*Comhluachanna a mhúineadh san Eoraip*] (2017)

12. Tionscnamh UNESCO dar teideal "Oideachas Luachanna trí Spórt" (2017)

13. Cairt idirnáisiúnta maidir leis an nGníomhaíocht Choirp, Corpoideachais agus Spóirt, arna hathbhreithniú (UNESCO), 2015

14. Moladh arna athbhreithniú (Moladh Uimh. R (92) 13 Rev ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir leis an gCairt Eorpach Spóirt Leasaithe (2001)

15. Comhairle na hEorpa, "An Chairt Eitice Spóirt" (Arna hathbhreithniú 2010)